Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2026

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Matamaitic

Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2026

# Matamaitic

Bonnleibhéal

Scéim Mharcála

**300 marc**

## Nótaí ginearálta maidir leis an marcáil

Go ginearálta, glac le hobair iarrthóra i gcuid amháin de cheist lena húsáid i gcodanna ina dhiaidh sin den cheist mura róshimplíonn sé sin an obair lena mbaineann.

**Scálaí agus Sciorrthaí**
Tagraítear do chineálacha áirithe botún – ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar uimhreacha a shlánú go mícheart, ina bhfágtar aonaid ar lár, ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair – mar **sciorr** agus cuirtear in iúl iad le *. I gcásanna den sórt sin, féadfar marc a thabhairt atá aon mharc amháin faoi mharc na creidiúna iomláine. Tugtar *Creidiúint iomlán –1* ar an leibhéal creidiúna sin. Dá bhrí sin, mar shampla, i Scála 10C, féadfar *Creidiúint iomlán –1* de 9 marc a thabhairt.

Is iad na marcanna ar an scála cuí sa scéim mharcála, nó *Creidiúint Iomlán –1*, an t-aon chineál marcanna a fhéadfar a bhronnadh i ndáil le ceist.

Tugtar treoracha maidir le pionóis le haghaidh aonaid a fágadh ar lár nó aonaid mhíchearta sa scéim le haghaidh gach ceiste lena mbaineann siad. Cuirtear pionós as slánú i bhfeidhm uair amháin in aghaidh an aonaid marcála (i.e., má mharcáiltear codanna (a) agus (b) mar aonad aonair, ní chuirtear pionós as slánú i bhfeidhm ach uair amháin i gcás (a) agus (b) le chéile).

**Céimeanna**
I gcás ina liostaítear céimeanna sna Nótaí Marcála, mura sonraítear a mhalairt, glacfar leis gur féidir leo a bheith ceart / mícheart go neamhspleách – is é sin, i réiteach iarrthóra, is féidir a mheas go bhfuil céim $n$ ceart fiú murar cuireadh céim/céimeanna roimhe sin i láthair i gceart, fad nach ndearnadh róshimpliú ar an obair a rinneadh chun teacht ar chéim $n$ ón gcéim/ó na céimeanna roimhe sin. Tabhair faoi deara freisin go mb'fhéidir nach gá na céimeanna seo a chur i láthair san ord a shonraítear sna Nótaí Marcála. Go ginearálta, luaitear go sonrach nuair nach mbaineann siad seo le hábhair.

**Earráidí**
Is ionann earráid agus botún in obair iarrthóra nach meastar a bheith ina sciorr. I gcás **nach** marcáiltear ceist agus úsáid á baint as céimeanna, má tá earráid amháin ag iarrthóir, bronntar leibhéal amháin creidiúna air de ghnáth faoi bhun an leibhéil a bhronnfaí air murach sin. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina bhfuil dhá earráid aige, bronntar dhá leibhéal creidiúna air de ghnáth faoi bhun an leibhéil a bhronnfaí air murach sin. (Má chuireann sé obair leordhóthanach i láthair le haghaidh *Páirtchreidiúint Íseal*, bronnfar é sin air ar a laghad, beag beann ar líon na n-earráidí.) Mar shampla, ar C-scála:

- *Páirtchreidiúint Ard:* Earráid amháin, iomlán ceart murach sin (nó iomlán ceart le *)
- *Páirtchreidiúint Íseal:* Dhá earráid, iomlán ceart murach sin (nó iomlán ceart le *)

I gcás ina **marcáiltear** ceist agus úsáid á baint as céimeanna, ní bhaineann sé seo le hábhar. Ina ionad sin, ciallaíonn earráid i gcéim nár cuireadh an chéim i gcrích i gceart; ní dhéanann sé sin difear do chur i gcrích céimeanna eile (mura rud é go ndéanann sé an obair a róshimpliú). Mar sin, má tá earráidí iomadúla ag iarrthóir ar chéim amháin, d'fhéadfaí suas le *Páirtchreidiúint Ard* a bhronnadh air fós, ag brath ar an scéim mharcála.

**Sciorrthaí agus Earráidí**
Sa chás go bhfuil * aonair ag iarrthóir ar a réiteach, déantar neamhaird air sin agus creidiúint á bronnadh mura rud é go mbeadh *Creidiúint Iomlán* aige murach sin. Dá mbeadh *Creidiúint Iomlán* aige murach sin, bronntar *Creidiúint Iomlán –1* air. Sa chás go bhfuil líon iomadúil * ag iarrthóir, caitear leis sin mar earráid de ghnáth. Bíonn feidhm aige sin fiú nuair a bhíonn na * i gcéimeanna éagsúla.

**Ilfhreagraí**
I gcás ina n-éilíonn réiteach obair shubstaintiúil, déantar gach iarracht ar leith a mharcáil agus bronntar na marcanna don cheann is fearr, beag beann ar línte a cuireadh tríd.
Sa chás gur gá roghnú ón gceist chun teacht ar réiteach:

- Mura bhfuil ach freagra amháin ag iarrthóir, ar chuir sé/sí líne tríd ansin, déantar neamhshuim den líne sin.
- Má bhíonn freagra/freagraí ag iarrthóir ar cuireadh líne tríd/tríothu chomh maith le freagra/freagraí nár cuireadh líne tríd/tríothu, déan neamhshuim den fhreagra/de na freagraí ar cuireadh líne tríd/tríothu agus ná marcáil ach na cinn siúd nár cuireadh líne tríothu.
- Má tá freagraí iomadúla ag iarrthóir **nár** cuireadh líne tríothu, tabhair an marc is ísle a bhaineann leis na freagraí sin (go ginearálta, measfar go mbeidh sraith freagraí den sórt sin mícheart ar deireadh).

**Farasbarr oibre**
I gcás ina n-éilíonn réiteach obair shubstaintiúil, ní ghearrtar pionós as farasbarr oibre atá mícheart de ghnáth (i.e. obair a chuirtear i láthair tar éis an fhreagra). Níl feidhm aige sin sa chás go n-iarrtar ar iarrthóirí abairt, nó líon abairtí, a scríobh chun rud éigin a mhíniú / údar a thabhairt leis / cur síos a dhéanamh air. I gcásanna den sórt sin, déantar an freagra ina iomláine a mheas.

Sa chás go n-éilíonn cuid de cheist ina dhiaidh sin ar iarrthóirí a bhfreagra ó chuid roimhe sin a úsáid, agus go n-úsáidtear freagra mícheart a eascraíonn as farasbarr oibre atá mícheart, caitear leis sin mar earráid sa chuid ina dhiaidh sin de ghnáth, mura rud é go ndéanann sé róshimpliú ar an obair atá i gceist (agus sa chás sin bronntar leibhéal níos ísle creidiúna don chuid ina dhiaidh sin de ghnáth).

**Lúibíní cearnacha**
Sa chás nach bhfuil rud éigin idir lúibíní cearnacha sa réiteach samplach, **níl** gá leis le haghaidh *Creidiúint Iomlán*.

**Obair lena ngabhann fiúntas**
Sa chás go gcuirtear “obair lena ngabhann fiúntas” in iúl sa scéim (nó “obair shubstaintiúil lena ngabhann fiúntas”), tugtar samplaí atá ina n-eiseamláirí den chaighdeán oibre a theastaíonn le go measfar mar obair lena ngabhann fiúntas í (nó mar obair shubstaintiúil lena ngabhann fiúntas) sa cheist áirithe sin.

**Glac le**
Sa chás go gcuirtear in iúl nach foláir “glacadh” le hobair, ciallaíonn sé sin go nglacfar leis an obair sin le haghaidh *Creidiúint Iomlán* i mbliana, mura rud é go gcuirtear a mhalairt in iúl.

## Nótaí mínithe atá ar fáil do scrúdaitheoirí

| Siombail | Ainm | Brí nuair a úsáidtear i gcorp na hoibre í | Brí nuair a úsáidtear san imeall ar dheis í |
|---|---|---|---|
| ✔ | Tic | Obair lena ngabhann ábharthacht | Tuilleann an obair i gcorp na scripte creidiúint iomlán |
| ✖ | Crosáil | Obair mhícheart (murab ionann agus earráid) | Ní thuilleann an obair i gcorp na scripte aon chreidiúint |
| * | Réalta | Earráid Slánaithe / Aonaid / Uimhríochta<br>Míléamh | |
| ~~~ | Líne chorrach chothrománach | Earráid | |
| P | P | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint ar B-scálaí |
| L | L | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint íseal |
| M | M | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint mheánach |
| H | H | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint ard |
| F* | F réalta | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte Creidiúint Iomlán (– 1) |
| [ | Lúibín clé | | Cuirtear leagan eile den réiteach seo i láthair áit eile agus tuilleann sé an chreidiúint chéanna nó creidiúint níos airde |
| ≀ | Líne chorrach cheartingearach | Níl aon obair ar an leathanach seo/ar an gcuid seo den leathanach | |
| WOM | | Tá obair lena ngabhann fiúntas léirithe ag an iarrthóir | |
| o | Róshimpliú | Rinne an t-iarrthóir róshimpliú ar an obair | |

**Tabhair faoi deara:** Sa chás go gcuirfear obair fhiúntach i láthair i gcorp na scripte, ba cheart go ndéanfadh nóta mínithe sa imeall ar dheis meascán de na nótaí mínithe san obair a léiriú.

I gcás **scála C nach** marcáiltear agus úsáid á baint as céimeanna, mar a nochtar * agus ~~~ agus ~~~ i gcorp na hoibre, ba cheart L a chur san imeall ar dheis.

I gcás **scála D** leis na nótaí mínithe céanna, ba cheart M a chur san imeall ar dheis.

**Tabhair faoi deara:** Sa chás go gcuirtear obair i láthair do cheist sa spás freagartha a chuirtear ar fáil, agus go gcuirtear iarracht ar leith i láthair ar leathanaigh bhreise, marcáiltear an dá iarracht.

I gcás gach iarrachta, cuirtear an nóta mínithe don leibhéal creidiúna cuí san imeall ar dheis in aice na hiarrachta sin. Cuirtear lúibín clé taobh leis an nóta mínithe don leibhéal creidiúna níos ísle ansin, agus bronntar an marc don leibhéal creidiúna níos airde.

## Struchtúr na scéime marcála

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagraí a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí in dhá chatagóir (ceart agus mícheart). I gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí i dtrí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu:

| **Lipéad an scála** | **B** | **C** | **D** |
|---|---|---|---|
| Líon na gcatagóirí | 3 | 4 | 5 |
| Scála 5 mharc | 0, 2, 5 | 0, 2, 3, 5 | 0, 2, 3, 4, 5 |
| Scála 10 marc | 0, 5, 10 | 0, 4, 7, 10 | 0, 4, 6, 8, 10 |
| Scála 15 mharc | | 0, 5, 10, 15 | 0, 4, 7, 10, 15 |

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos mionsonraithe le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léirthuiscint i gcomhthéacs gach ceiste.

**Scálaí marcála – tuairiscíní leibhéil**

**B-scálaí (trí chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra ceart i bpáirt (páirtchreidiúint)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

**C-scálaí (ceithre chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- freagra atá beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

**D-scálaí (cúig chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart (páirtchreidiúint mheánach)
- freagra atá beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

## Réitigh Shamplacha agus Nótaí Marcála

**Tabhair faoi deara:** Níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht chur chuige aon iarrthóra ar leith i gceist áirithe, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

| C1 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)**<br>**(ii)** | **(i)**<br>$60 + 80 = 140$<br><br>**(ii)**<br>$0{\cdot}7 \times 60 = 42$ | **Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla,<br>in **(i)**, léirítear roinnt suimiú ábhartha, luaitear $60$ agus $80$;<br>in **(ii)**, roinnt iolrú ábhartha nó luaitear *0·7*<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(a)**<br>**(iii)** | $\frac{3}{5} \times 80 = 48$<br>$80 - 48 = 32$<br>**NÓ**<br>$\frac{2}{5} \times 80 = 32$ | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, ríomhtar $16$; luaitear $\frac{2}{5}$<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Faightear $48$ |

| C1 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(b)**<br>**(i)**<br>**(ii)** | **(i)** $\frac{7+3}{5} = \frac{10}{5} = 2$<br><br>**(ii)** $(7\cdot35+2\cdot53) \div 4\cdot6 =$<br>**NÓ**<br>$\frac{7\cdot35 + 2\cdot53}{4\cdot6}$<br>(nó a leithéid) | **Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)**<br>*Tabhair faoi deara:* Úsáid * i gcás gach slánú mícheart i gcuid **(i)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla,<br>in **(i)**, roinnt slánú ceart;<br>in **(ii)**, taispeántar tuiscint éigin ar ord na n-oibríochtaí<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |

| C2 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)** | **(i)** Mód $= 15$<br><br>**(ii)** Meán $= \frac{84}{6} = 14$ | **Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla,<br>in **(i)**, léirítear an dá $15$, tagairt don cheann is coitianta;<br>in **(ii)**, roinnt iolrú ábhartha; $84$ nó $6$ scríofa<br>• Ríomhtar an meán i gcuid **(i)** le hobair thacaíochta<br>• Ríomhtar an t-airmheán $(14\cdot5)$ i gcuid **(i)** agus/nó cuid **(ii)** le hobair thacaíochta<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br>• Mód agus meán i gceart agus malartaithe gan obair ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile<br>• Mód agus meán i gceart agus malartaithe le hobair ábhartha |

| C2 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(b)** | $1200 \div 200 = 6$ (2 saor in aisce)<br>2·49 × 4 = [€] 9·96 | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, luaitear go bhfuil $2$ saor in aisce; ríomhtar $6$ choimeádán<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ríomhtar $4$ choimeádán<br>• Freagra ceart gan obair thacaíochta<br>• Ríomhtar costas ar $3$ choimeádán/$600$ ml mar €$4{\cdot}98$ |
| **(c)** | *Freagra:* Ciseog bheag<br><br>*Ríomhanna:*<br>$5{\cdot}50 \div 500 =$€$0{\cdot}011$ (in aghaidh an ghraim)<br>$2{\cdot}95 \div 300 =$ €$0{\cdot}00983\dot{}$ (in aghaidh an ghraim)<br><br>**NÓ**<br>$500 \div 5{\cdot}50 = 90{\cdot}9 \ldots$.€$1 = 90{\cdot}9$ gram<br>$300 \div 2{\cdot}95 = 101{\cdot}7 \ldots$.€$1 = 101{\cdot}7$ gram<br><br>**NÓ**<br>€$2{\cdot}95 \div 300 \times 500 =$ €$4{\cdot}92$<br>**NÓ**<br>€$5{\cdot}50 \div 500 \times 300 =$ €$3{\cdot}30$ | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Freagra ceart le ríomhanna míchearta nó gan ríomhanna<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sna ríomhanna, mar shampla, ríomhtar costas in aghaidh an ghraim/euro do bhranda amháin; ríomhtar costas do mheáchan nach luaitear sa tábla, m.sh. $1000$g de chiseog mhór $=$ €$11$<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ríomhanna cearta le freagra mícheart<br>• Freagra ceart agus obair lena ngabhann fiúntas maidir leis na ríomhanna |

| C3 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)** | **(i)**<br>Airmheán $= \frac{72+74}{2} = 73$<br><br>**(ii)**<br>Raon $= 88 - 64 = 24$ | **Scála 15D (0, 4, 7, 10, 15)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla,<br>in **(i)**, roinnt iarrachta déanta an uimhir láir a aimsiú<br>in **(ii)**, sainaithnítear uasluach nó íosluach<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(a)**<br>**(iii)** | D'ardaigh na rátaí croí ach tá an raon mar an gcéanna. | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas, mar shampla, aithnítear go n-ardaíonn an ráta croí ach go bhfanann an raon mar an gcéanna |
| **(b)** | **(i)**<br><br><br><br>**(ii)** Caitheann Ben 7 (nó a leithéid) | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla,<br>in **(i)**, iontráil cheart amháin;<br>in **(ii)**, aithnítear go bhfuil an teagmhas dodhéanta<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid |

<table>
<tr><th>C4</th><th>Réiteach Samplach – 30 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td><br>Patrún 4</td><td>Scála 10B (0, 5, 10)<br><br>Páirtchreidiúint:<br>• Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas, mar shampla, bosca amháin nó níos mó curtha le patrún $3$</td></tr>
<tr><td>(b)<br>(c)</td><td>(b)<br><table><tr><td>Patrún $3$</td><td>Patrún $4$</td><td>Patrún $5$</td><td>Patrún $6$</td></tr><tr><td>9</td><td>13</td><td>17</td><td>21</td></tr></table><br>(c)<br>Freagra: Líneach<br><br>Cúis: Tá sé ag méadú faoi 4 gach téarma</td><td>Scála 15D (0, 4, 7, 10, 15)<br><br>Tabhair faoi deara: Iontráil cheart sa tábla is ea téarma a mhéadaíonn faoi $4$<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, in (b), patrún líneach cruthaithe le $3$ théarma ar a laghad; iontráil cheart amháin;<br>in (c), freagra nó fáth ceart<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</td></tr>
<tr><td>(d)</td><td>(i)<br>$4(63) - 3$<br>$= 252 - 3$<br>$= 249$<br><br>(ii)<br>$4k - 3 = 373$<br>$4k = 376$<br>$k = 94$</td><td>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)<br>Tabhair faoi deara: Ní mór obair thacaíochta a léiriú i gcuid (ii) lena meas mar cheart<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, in (i), roinnt ionadú ceart;<br>in (ii), socraítear suas cothromóid, cuirtear $3$ le $373$, nó roinntear ar $4$<br>• Cuid (ii) ceart gan obair thacaíochta<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</td></tr>
</table>

| C5 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(b)** | **(a)**<br>**(i)** 40 [m]<br><br>**(ii)** 30 [soicind]<br><br>**(b)**<br>*Freagra:* C<br><br>Cúis: Tá an chéim níos géire (nó a leithéid) | **Scála 15D (0, 4, 7, 10, 15)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla,<br>in **(a)**, tugtar 60 mar fhreagra in **(i)**;<br>luaitear 60 nó 90 in **(ii)**;<br>in **(b)**, freagra ceart ach ní thugtar cúis;<br>roinnt iarrachta cúis a thabhairt<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid **(a)** nó **(b)** ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid **(a)** agus i gcuid **(b)**<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin ceart (**(a)** nó **(b)**) agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(c)**<br>**(i)** | <br> | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Céim cheart amháin cruthaithe |
| **(c)**<br>**(ii)** | $S = \frac{Fad}{Am} = \frac{160}{120} = 1.33$ [m/s] [2 D.P.] | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, foirmle cheart scríofa síos; sainaithnítear an fad nó am ceart<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Scríobhtar síos an fhoirmle cheart, sainaithnítear an fad agus am ceart ach ní ionadaítear san fhoirmle<br>• Ríomhtar an luas don aistear ar fad<br>• Tugtar $\frac{4}{3}$ mar fhreagra<br>• Ríomhtar an luas in m/nóim |

<table>
<tr><th>C6</th><th>Réiteach Samplach – 30 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td>(i)<br>25<br>15<br><br>(ii)<br>Tá a fhón luchtaithe go hiomlán (nó a leithéid)</td><td>Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla,<br>in (i), léiriú ábhartha ar an ngraf; uimhir amháin i gceart;<br>in (ii), roinnt oibre lena ngabhann fiúntas<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid (i) nó (ii) ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</td></tr>
<tr><td>(b)<br>(i)<br>(ii)</td><td>(i)<br><table><tr><th>Nóiméid</th><th>Lucht an chadhnra ar fhón Alice (%)</th></tr><tr><td>0</td><td>85</td></tr><tr><td>10</td><td>80</td></tr><tr><td>20</td><td>75</td></tr><tr><td>30</td><td>70</td></tr><tr><td>40</td><td>65</td></tr><tr><td>50</td><td>60</td></tr><tr><td>60</td><td>55</td></tr></table>(ii)<br>
</td><td>Scála 15D (0, 4, 7, 10, 15)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla,<br>in (i), 1 iontráil cheart sa tábla;<br>in (ii), 1 phointe léirithe i gceart ar an ngraf<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</td></tr>
</table>

| C6 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(b)**<br>**(iii)** | Freagra: $C = 85 - 0{\cdot}5t$<br>*Cosaint:*<br>$85$ is ea an luach ag $t = 0$ agus titeann an luach de réir $0{\cdot}5$ gach nóiméid<br>**NÓ**<br>Léirítear oibreacha foirmle do $2$ luach<br>**NÓ**<br>Cúis bhailí eile | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Freagra ceart gan chúis nó cúis mhícheart<br>• Freagra mícheart le hobair lena ngabhann fiúntas maidir leis an gcúis tugtha |

| C7 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(b)** | **(a)**<br>$30 - 23 = 7$<br><br>**(b)**<br><br> | **Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla,<br>in **(a)**, Roinnt suimiú/dealú ábhartha;<br>in **(b)**, barra amháin i gceart; airde cheart léirithe<br>• Cuid **(a)** ceart<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid **(a)** ceart agus obair lena ngabhann fiúntas i gcuid **(b)**<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid **(b)** ceart<br><br>*Creidiúint Iomlán (–1):*<br>• Airdí ar fad i gceart ach barra amháin nó níos mó ar leithead mícheart |
| **(c)**<br>**(d)** | **(c)**<br>$2 + 5 = 7$<br><br>**(d)**<br>$\frac{4}{30} \times 100 = 13{\cdot}3\ [\%]$ [1 d.p.] | **Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla,<br>in **(c)**, suimiú ábhartha, $2$ nó $5$ scríofa;<br>in **(d)**, sainaithnítear $4$, úsáid as $30$;<br>taispeántar roinnt eolais ar chéatadáin<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(e)** | *Freagra*: $30 - 40$<br><br>Cúis:<br>Is ionann an t-airmheán agus lár an $15$ú agus an $16$ú duine.<br>Tá $14$ duine sa chéad trí eatramh agus mar sin tá an chéad bheirt eile sa cheathrú heatramh. | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas maidir leis an gcúis<br>• Léirítear tuiscint ar an airmheán mar an téarma láir sa chosaint<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Freagra ceart gan chúis nó cúis mhícheart |

| C8 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a) (i)**<br><br>**(ii)** | (i) $5 \times 2 = 10$ cm<br><br>**(ii)** $42 \times 2^2 = 168$ [cm²] | **Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla,<br>in **(i)**, úsáidtear fachtóir scála;<br>in **(ii)**, iolraítear faoin bhfachtóir scála<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile<br><br>*Creidiúint Iomlán (–1):*<br>• Úsáid * i gcás nach bhfuil aon aonad i gcuid **(i)** |
| **(a) (iii)** |  | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Líne cheart tógtha<br>• $O$ breactha i gceart gan línte tógála<br>• $O$ breactha le línte míchearta<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá líne chearta tógtha<br><br>*Creidiúint Iomlán (–1):*<br>• Úsáid * i gcás nach bhfuil aon lipéad |

| C8 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(b)** | **(i)** Slios Urchomhaireach $= 50$<br>Slios Cóngarach $= 160$<br><br>**(ii)** $\tan A = \frac{50}{160}$<br><br>**(iii)** $A = \tan^{-1}\frac{50}{160} = 17{\cdot}354.. = 17[°]$ | **Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)**<br>Tabhair faoi deara: Glac leis an bhfreagra ceart do chuid **(ii)** má thugtar i gcuid **(iii)** é<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla,<br>in **(i)**, $50$ nó $160$ ceart;<br>in **(ii)**, luach amháin atá ceart; freagra mar $\frac{a}{b}$ ó léaráid arna lipéadú i gceart<br>in **(iii)**, $\tan^{-1}$ scríofa<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Aon obair lena ngabhann fiúntas in dhá chuid<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá chuid atá ceart<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid eile |

| C9 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)** | **(i)** $3 \times 2 \times 4 = 24$<br><br>**(ii)** $2 \times 1 \times 4 = 8$ | **Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(i)** nó **(ii)**, mar shampla, roinnt iolrú ábhartha nó sainaithnítear na trí uimhir ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(b)** | $370 \times 1{\cdot}75 = 647{\cdot}50$<br>$647{\cdot}50 \times 0{\cdot}135 = 87{\cdot}41$<br>$647{\cdot}50 + 87{\cdot}41 = [€]\ 734{\cdot}91$ | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, taispeántar roinnt eolais ar chéatadáin; roinnt iolrú ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Obair shubstaintiúil lena ngabhann fiúntas |
| **(c)** | $T = 100 \times 75 \times 65 = 487500$ [cm$^3$]<br><br>$487500 \div 1000 = 487{\cdot}50$ [lítear] | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, aithnítear fad, leithead, agus airde; iolrú $2$ uimhir ábhartha; léirítear roinnt ar $1000$<br><br>*Páirtchreidiúint ard*<br>• $100 \times 75 \times 65$ |
| **(d) (i)** | $08{:}45 + 2{:}38 = 11{:}23$ | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Iarracht déanta na hamanna ábhartha a shuimiú le chéile |

| C9 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(d) (ii)** | $54 \div 9 = 6$<br>$6 \times 8 = 48$ [scoláirÍ] | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas<br>• Sainaithnítear $9$ gcuid<br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ríomhtar uimhir i gcuid amháin $(6)$ |
| **(e)** | *Freagra:* Graf B<br>Cúis: Ardaítear an airde go mall agus ansin sciobtha | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Graf ceart roghnaithe<br>• Graf mícheart le roinnt oibre lena ngabhann fiúntas maidir leis an gcúis |

| C10 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)(i)**<br>**(ii)** | **(i)**<br>$15{\cdot}80 \times 35 = [€]\ 553$<br><br>**(ii)**<br>$15{\cdot}80 \times 0{\cdot}5 = 7{\cdot}90$<br>$15{\cdot}80 + 7{\cdot}90 = 23{\cdot}70$<br>**NÓ**<br>$15{\cdot}80 \times 1{\cdot}5 = 23{\cdot}70$ | **Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, in **(i)**, iolrú ábhartha;<br>in **(ii)**; iolrú ábhartha; luaitear $0{\cdot}5$ nó $1{\cdot}5$<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(a)(iii)** | $671{\cdot}50 - 553 = 118{\cdot}50$<br>$118{\cdot}50 \div 23{\cdot}70 = 5$ [uair] | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Faightear pá ragoibre $(118{\cdot}50)$ |
| **(b)**<br>**(i)**<br>**(ii)** | **(i)**<br>$35000 \times 0{\cdot}2 = [€]\ 7000$<br><br>**(ii)**<br>$7000 - 4000 = [€]\ 3000$ | **Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, in **(i)**, taispeántar roinnt eolais ar chéatadáin;<br>in **(ii)**, roinnt dealú ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |

| | | |
|---|---|---|
| **(b)(iii)** | $35\,000 - (3000 + 1445 + 596)$<br>$35\,000 - 5041 = [€]\ 29\,959$ | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, roinnt suimiú nó dealú ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Faightear asbhaintí iomlána<br>• Dhá asbhaint dealaithe i gceart |
| **(c)(i)** | $50 \times 52 = [€]\ 2600$ | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas |
| **(c)(ii)** | Bliain $1$:<br>$2000 \times 0{\cdot}03 = 60$<br>$2000 + 60 = 2060$<br>$2060 + 1000 = 3060$<br><br>Bliain $2$:<br>$3060 \times 0{\cdot}03 = 91{\cdot}80$<br>$3060 + 91{\cdot}80 = [€]\ 3151{\cdot}80$ | **Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, taispeántar roinnt eolais ar chéatadáin<br>• Luaitear $0{\cdot}03$ nó $1{\cdot}03$<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Ríomhtar luach tar éis $1$ bhliain $(2060)$<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ríomhtar ús i mbliain $2$ $(91{\cdot}80)$<br>• Ní chuirtear $1000$ san áireamh agus ríomhtar ús iolraithe do dhá bhliain i gceart |

| C11 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)(i)** | $6{\cdot}5 + 4 + 3{\cdot}5 + 5 = 19$ [m] | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, roinnt suimiú ábhartha |
| **(a)(ii)** | $(0{\cdot}5 \times 3 \times 4) + (3{\cdot}5 \times 4)$<br><br>$= 6 + 14 = 20$ [m$^2$]<br><br>**NÓ**<br><br>$(6{\cdot}5 \times 4) - (0{\cdot}5 \times 3 \times 4)$<br>$= 26 - 6 = 20$ [m$^2$] | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, roinntear in achar dronuilleoige agus achar triantáin; iolrú dhá uimhir ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ríomhtar achar triantáin (6 |
| **(b)(i)** | Branda A:<br>$20 \times 28 = £560$<br>Branda B:<br>$26 \times 28 = €728$<br>$728 \times 0{\cdot}15 = 109{\cdot}20$<br>$728 - 109{\cdot}20 = [€]\ 618{\cdot}80$<br>**NÓ**<br>$26 \times 28 = €728$<br>$728 \times 0{\cdot}85 = [€]\ 618{\cdot}80$ | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, iolrú ábhartha éigin<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ríomhtar costas bhranda A $(560)$ agus lascaine bhranda B $(728)$<br>• Ríomhtar costas bhranda B leis an lascaine san áireamh $(618{\cdot}80)$ |
| **(b)(ii)** | *Freagra:* Branda B<br>*Ríomhanna:*<br>$560 \div 0{\cdot}87 = [€]\ 643{\cdot}68$<br>**NÓ**<br>$618{\cdot}80 \times 0{\cdot}87 = [£]\ 538{\cdot}36$ | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas maidir leis na ríomhanna, mar shampla, léirítear roinnt ar $0{\cdot}87$<br>• Freagra ceart roghnaithe<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Freagra ceart agus obair lena ngabhann fiúntas maidir leis na ríomhanna<br>• Freagra mícheart nó ní roghnaítear freagra agus obair lena ngabhann fiúntas maidir leis na ríomhanna |

| C11 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(c)(i)**<br>**(ii)** | **(i)** $50$ [cm]<br><br>**(ii)** $\pi \times 50^2 = 7853{\cdot}98 = 7854$ [cm$^2$] | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla,<br>in **(i)**, roinntear ar $2$;<br>in **(ii)**, foirmle cheart<br><br>*Páirtchreidiúint ard*<br>• Cuid (i) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas i gcuid (ii) |
| **(c)(iii)** | $7854 \times 2 = 15\,708$ cent<br>$15\,708$ cent $= 157{\cdot}08$<br>$157{\cdot}08 + 20 = [€]\ 177{\cdot}08$<br>**NÓ**<br>$7854 \times 0{\cdot}02 = 157{\cdot}08$<br>$157{\cdot}08 + 20 = [€]\ 177{\cdot}08$ | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, léirítear iolrú $7854$ faoi $2$ agus stopann<br><br>*Páirtchreidiúint ard*<br>• Faightear costas gan táille bhreise san áireamh $(157{\cdot}08)$ |